

SEANFHOCLA

Is goire cabhair dé ná an doras. Fear a dubhairt go mba ghoirre dhó féin an doras ná cabhair dé agus déirigh sé le dul chun an doruis. Ní raibh sé leath bealaigh go dtí an doruis nuair a rinneadh sé dá leith dá choisní raibh sé indon annsin dul ag an doras.

"Is fearr sean fhiacha na sean-fhala"(faltanas=olc tá olc agat dó)

"Is déirce le gach bocht a bhfuighdís"

"Ná tabhair taobh le fear fala mara mbíonn fear a bhreithe in aice"

"Ceannuigh an droch dhuine agus leig an deagh dhuine thart"

"Gach leanbh mar oiltear"

"Is minic nach ndeachaidh bó le dúthcas"

"Is minic a bhí gránna greannmhar agus dathamhail donn"

"Ní bréagacht a chuireann an pota a fiúcadh"

"Is fearr béasa na breágan"

"Is teann madadh i ndorus a thighe féin"

"Ní cú ar bith nach fiú fead a leigint uirthi"-fear gleann iar Chonnachta

"Déanann ceann ciallbhar béal iadta"

"Is binn an béal a bhíonn na chomhnuidhe"

"Itheann na muca ciúne féin triosg"(Triosg tar éis an leanna)

"Is minic an phéist ag an éan moch"

"Is éasga anocht ná ar maidin"

"Is mall díreach é díoghaltas Dé (Pé bí uair a thiocfas an díoltas tiocfaidh sé ar té a thuilleas é)

"As an obair fáightear an t-eolas" (tá an obair indon duine a mhúineadh)

"Ag an duine féin atá fhios cá luigheann an bhróig air."

"Tá a losgadh féin de críonach is gach coill"

(7/7/31)

Dá dtrian galraí an oidhche

Dá dtrian gaotha ar chranna

Dá dtrian sneachta ar shléibhte

Agus dá dtrian éaga galri

Is trom tuirseach an obair a bheith ag faire báid

Is trom tuirseach an obair a bheith ag tomhais cnuic

Is trom tuirseach an obair a bheith i dteach fhuar each (teach folamh)

Is truime uilig ná an méid sin a bheith ag éisteacht le comhradh giolla gan slacht.

7/7/31.

(Níl aon baint ag an ngiota seo le micilín)

“Ní raibh mo luighe aon uair leis an áit seo.” Tomás Póil Ruisín na mban Aoidheach a rugadh in Arainn. Pós sé bean as R. ach níor thaithnigh Arainn leí. Bhí triúr mac aige. Tá siad imthighe uaidh . Chaith sé tamall maith le gliomadóireacht nuair a bhí mo shláinte agam agus mé roinnt óg.

4/8/31.

(Cailleadh Tomás Póil ó shoin-14/3/1932.)